Ollscoil Mhá Nuad
Ollscoil na hÉireann Má Nuad

# An Beartas maidir le Fostú Daoine faoi Mhíchumas

## An Clár


1 Réamhrá ..... 3

2 Raon feidhme ..... 3

3 Creat Reachtaíochta agus Sainmhínithe ..... 4

3.1 Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 ..... 4

3.2 An tAcht um Míchumas 2005 ..... 4

3.3 An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 ..... 4

4 Prionsabail ..... 5

4.1 Socrú Réasúnta ..... 5

4.2 An Fhoirm Iarratais ar Shocrú Réasúnta ..... 5

4.3 Measúnú ar Riachtanais san Áit Oibre ..... 6

4.4 Bailiú Sonraí, Rúndacht & Príobháideacht ..... 6

4.5 Earcaíocht ..... 7

4.6 Le linn na Fostaíochta ..... 8

5 Míchumas a Nochtadh ..... 8

6 Próiseas chun Socruithe Réasúnta a sholáthar ..... 9

7 Filleadh ar an Obair tar éis Míchumas/Breoiteacht a tholg ..... 9

8 Earcaíocht, Roghnú agus Arduithe Céime ..... 10

9 Fianaise Mhíochaine ar Mhíchumas ..... 10

10 Eolas Breise ..... 10

10.1 Spásanna Páirceála Ainmnithe ..... 10

10.2 Imeachtaí & Oiliúint ..... 11

10.3 Ainmhithe Cúnta ..... 11

11 Róil agus Freagrachtaí ..... 11

12 Neamhchomhlíonadh an Bheartais ..... 12


| | |
|---|---|
| Stair na Leasuithe<br>Údar / Úinéir an Bheartais: | Acmhainní Daonna/VPEDI |
| An Dáta Cruthaithe: | 2022 |
| Uimhir Thaifid an Leasaithe: | 0 |
| Arna fhaomhadh ag: | Údarás Ceannais (Ar feitheamh) |
| Dáta an fhaofa: | 10 Samhain 2022 |
| Dáta an Athbhreithnithe: | 2027 |
| Minicíocht Athbhreithnithe: | Mar a deirtear thuas agus/nó nuair is gá |

| Doiciméad Ábhartha | Suíomh |
|---|---|
| Treoirlínte um Míchumas san Áit Oibre | TBC |
| Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015 | https://revisedacts.lawreform.ie/eli/1998/act/21/revised/en/html |
| An tAcht um Míchumas 2005 | http://www.irishstatutebook.ie/eli/2005/act/14/enacted/en/html |
| An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 | http://www.irishstatutebook.ie/eli/2014/act/25/enacted/en/html |
| An Fhoirm Iarratais ar Shocrú Réasúnta | TBC |
| Beartas Ollscoil Mhá Nuad um Chosaint Sonra | https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection/data-protection-policy |
| Beartas Ollscoil Mhá Nuad um Chomhionannas agus Éagsúlacht | https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/policies/statement-policy-equality |
| Beartas Ollscoil Mhá Nuad um Shaoire Bhreoiteachta | https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/policies/sick-leave-policy |
| Tacaíochtaí maidir le Folláine | https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/employee-wellbeing |
| Faisnéis ar Phinsean agus ar Chosaint Dheonach ar Ioncam | https://www.maynoothuniversity.ie/human-resources/pension-information |

## 1 Réamhrá

Geallann Ollscoil Mhá Nuad a bheith ina pobal Ollscoile ina gcuirtear an comhionannas chun cinn, ina léirítear meas agus luach ar éagsúlacht, agus ina gcuirtear timpeallacht choláisteach chomhionann bairr feabhais ar fáil, ina dtugtar aitheantas agus ina léirítear meas ar chearta daonna, ar fhreagrachtaí agus ar éagsúlacht na mac léinn agus na bhfostaithe uile.

Is mór ag an Ollscoil an saibhriú a thagann ó phobal éagsúil mac léinn agus fostaithe agus féachann sí le comhionannas a chur chun cinn agus idirdhealú a chosc i rochtain, eispéireas, dul chun cinn agus gnóthachtáil na mac léinn agus na bhfostaithe go léir trí bheartais, próisis agus cleachtais shoiléire a chur i dtoll a chéile agus i bhfeidhm trína dtugtar tacaíocht éifeacht ar mhaith le comhionannas a bhaint amach in eispéireas na mac léinn agus san fhostaíocht.

Cuirtear an beartas seo ar Fhostú Daoine faoi Mhíchumas ag Ollscoil Mhá Nuad (MU) i láthair faoi thiomantas straitéiseach na hOllscoile don Chomhionannas, don Éagsúlacht, don Chuimsiú agus don Idirchultúrachas mar fhorbairt bhreise ar an mBeartas Comhionannais agus Éagsúlachta. Is é cuspóir an bheartais seo ráiteas soiléir a sholáthar maidir le fostú daoine faoi mhíchumas. Gheobhaidh an polasaí seo tacaíocht ó Threoirlínte um Míchumas san Áit Oibre, ina bhfuil treoir do Chinn Roinne agus d'fhostaithe – ar fáil anseo.

## 2 Raon feidhme

Baineann an beartas seo le gach fostaí reatha, todhchaí agus ionchasach de chuid MU Tá tacaíochtaí agus cleachtais a bhaineann le mic léinn faoi mhíchumas á rialú ag Oifig Rochtana Ollscoil Mhá Nuad; tá tacaíochtaí agus cleachtais a bhaineann le fostaithe á rialú ag Acmhainní Daonna.

# 3 Creat Reachtaíochta agus Sainmhínithe

## 3.1 Na hAchtanna um Chomhionannas Fostaíochta 1998-2015

Laistigh de Reachtaíocht Chomhionannais na hÉireann, sainmhínítear míchumas go ginearálta chun daoine atá faoi mhíchumais fhisiceacha, intleachtacha, foghlama, chognaíocha nó mhothúchánacha chomh maith le raon riochtaí leighis a áireamh.

Mar atá leagtha amach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 2015, is éard is míchumas ann:

- neamhláithreacht iomlán nó pháirteach d'fheidhmeanna coirp nó meabhrach duine, lena n-áirítear easpa coda de chorp duine;
- láithreacht orgánaigh sa chorp is cúis le, nó ar dóigh dóibh a bheith ina gcúis le, galair ainsealacha nó breoiteachta;
- mífheidhmiú, míchumadh nó máchail ar chuid de chorp duine;
- riocht nó mífheidhmiú a fhágann go bhfoghlaimíonn duine ar shlí dhifriúil ó dhuine gan an riocht nó an mhífheidhm; nó
- riocht, tinneas nó galar a chuireann isteach ar phróisis smaoinimh duine, ar a bhraistint réaltachta, ar mhothúcháin nó ar bhreithiúnas nó a mbíonn iompar suaite mar thoradh air.

Foráiltear in Alt 16(3) den Acht um Chomhionannas Fostaíochta 2015:

- Chun críocha an Achta seo, ní mheasfar duine atá faoi mhíchumas mar aon ní eile seachas lán-inniúil chun aon dualgais a ghabháil de láimh, agus in ann go hiomlán iad a chomhlíonadh, más rud é, le cúnamh cóireála nó saoráidí speisialta, go mbeadh an duine sin go hiomlán inniúil ar na dualgais sin a dhéanamh, agus a bheith go hiomlán in ann na dualgais sin a chomhlíonadh.
- Déanfaidh fostóir gach rud atá réasúnta chun freastal ar riachtanais duine atá faoi mhíchumas trí chóireáil speisialta nó saoráidí speisialta lena mbaineann mír (a) a sholáthar.
- Ní mheasfar diúltú nó mainneachtain cóireáil speisialta nó saoráidí a sholáthar lena mbaineann mír (a) a bheith réasúnta mura rud é go dtitfeadh costas, seachas costas ainmniúil, ar an bhfostóir as an soláthar sin.

I dteannta an tsainmhínithe leathan reachtaíochta seo ar mhíchumas, admhaíonn MU cearta comhionanna daoine faoi mhíchumas folaithe, agus freisin gur féidir leis an míchumas céanna a thionchar a athrú agus cur isteach ar dhaoine ar bhealach éagsúil.

## 3.2 An tAcht um Míchumas 2005

Cuireann an tAcht Míchumais 2005 oibleagáid reachtúil ar sholáthraithe seirbhísí poiblí tacú le rochtain ar sheirbhísí agus ar shaoráidí do dhaoine faoi mhíchumas. Mar Fhostóir Earnála Poiblí aitheanta, tá freagracht ar MU a chinntiú go gcomhlíonann sé spriocanna na hearnála poiblí chun daoine faoi mhíchumas a fhostú mar atá leagtha amach san Acht. Déantar monatóireacht rialta ar chomhlíonadh na sprice seo le tuairisciú bliantúil.

## 3.3 An tAcht fá Choimisiún na hÉireann um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014

Foráiltear in Alt 42 den Acht um Chearta an Duine agus Comhionannas 2014 go bhfuil dualgas dearfach curtha ar chomhlachtaí san earnáil phoiblí chun:

- deireadh a chur le hidirdhealú;
- comhionannas deiseanna agus caithimh a chur chun cinn; agus
- cearta an duine a chosaint.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil freagracht ar MU an comhionannas a chur chun cinn, an t-idirdhealú a chosc agus cearta daonna a cuid fostaithe, mac léinn, custaiméirí, úsáideoirí seirbhíse agus gach duine a ndéanann a cuid polasaithe agus pleananna difear dóibh, a chosaint. Is oibleagáid dhlíthiúil é seo, ar a dtugtar Dualgas um Chomhionannas agus Cearta Daonna na hEarnála Poiblí.

## 4 Prionsabail

### 4.1 Socrú Réasúnta

Tá MU tiomanta do thacú lenár bhfostaithe a bheith rathúil agus éifeachtach ina róil. Cé gur féidir leis an gcuid is mó d'fhostaithe faoi mhíchumas oibriú go héifeachtach gan gá le mionathruithe ar a dtimpeallacht oibre, d'fhéadfadh go mbeadh saoráidí oiriúnaithe ag teastáil ó roinnt daoine.

Déanfaidh MU a dícheall a chinntiú, a mhéid is indéanta, go ndéantar an timpeallacht oibre a bharrfheabhsú chun fadhbanna féideartha a d'fhéadfadh a bheith le sárú ag fostaithe faoi mhíchumas a íoslaghdú. Déanfaidh MU a dícheall na riachtanais sin a chomhlíonadh nuair is féidir go réasúnta, i gcás ina gcuireann an socrú ar chumas an fhostaí tasc riachtanach a chomhlíonadh agus nuair a chuireann sé le compord, éifeachtúlacht agus sásamh poist an fhostaí.

Trína aithint go n-áirítear ar chumais duine faoi mhíchumas na cumais a éascaítear le feistí cúnta, socruithe agus forálacha théarmaí an Achta um Chomhionannas Fostaíochta 1998, cuirfidh an Ollscoil 'socruithe réasúnta' i bhfeidhm, agus cinnteoidh sí rannpháirtíocht chomhionann sa lucht oibre d'fhostaithe faoi mhíchumas.

Admhaíonn MU go bhféadfadh tosca comhshaoil éagsúla an áitribh, srianta caomhantais agus cúrsaí airgeadais teorainn a chur leis na hathruithe is féidir a dhéanamh ar thimpeallachtaí fisiceacha áirithe a d'fhéadfadh a bheith ina mbacainní ar dhaoine faoi mhíchumas. Mar sin féin, tá an Ollscoil tiomanta do bhreithniú a dhéanamh ar na hathruithe réasúnta a d'fhéadfaí a dhéanamh ar áitribh atá ann cheana féin chun inrochtaineacht a fheabhsú go tráthúil agus tá sé mar aidhm aici bacainní féideartha a bhaint de réir a chéile. I gcás go bhfuil timpeallachtaí áirithe san áit oibre faoi réir orduithe caomhantais, d'fhéadfaí a fhiosrú cibé an bhféadfaí an fostaí a athlonnú go háit oiriúnach eile ar an gcampas mar chuid de phróiseas an tsocraithe réasúnta.

Déanfar socruithe ar iarratas ón bhfostaí lena mbaineann, ag am ar bith dá bhfostaíocht san Ollscoil, agus cuirfear san áireamh go hiomlán iad sa phlé ar chóiríocht chuí[1]. Más mian le fostaí a gcás a phlé roimh iarratas ar chóiríocht réasúnta a chur isteach, féadfaidh sé/sí an cheist a phlé go rúnda lena Cheann Roinne nó le hOifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht.

Chomh maith leis na socruithe réasúnta a chuirtear ar fáil faoin mbeartas seo, de réir na ngealltanas a rinneadh sa bheartas Comhionannais agus Éagsúlachta, sainaithneoidh an Ollscoil deiseanna do ghníomhaíocht dhearfach chun comhionannas rannpháirtíochta a chinntiú do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht i ngníomhaíochtaí ollscoile.

Ní ghlacfar le híospairt fostaí faoi mhíchumas mar gheall ar a iarratas ar chóiríocht ó bhall ar bith de Phobal na hOllscoile agus is dócha go mbeidh sé faoi réir gnímh araíonachta agus/nó beartais eile na hOllscoile.

### 4.2 An Fhoirm Iarratais ar Shocrú Réasúnta

[1] Sonraíonn Alt 4.4 na próisis bailithe sonraí, rúndachta & príobháideachta maidir le socruithe réasúnta.

Chun tacú le fostaithe faoi mhíchumas chun gur féidir leo iarratas foirmiúil a dhéanamh ar shocrú réasúnta, tá foirm atá furasta a thuiscint curtha ar fáil (féach alt 6 don phróiseas chun socruithe réasúnta a sholáthar).

Trí chuid shimplí atá san Fhoirm Iarratais ar Shocruithe Réasúnta:

**Cuid 1:** Socrú Réasúnta – Deimhniú gur mhaith leis an bhfostaí socrú réasúnta maidir lena míchumas a iarraidh.

**Cuid 2:** Dearbhú míchumais – Deimhniú go bhfuil a míchumas á nochtadh acu.

**Cuid 3:** Toiliú um Chomhroinnt – Ainmneacha na ndaoine aonair nó na ranna sin ar féidir an fhaisnéis seo a roinnt leo (toiliú um chomhroinnt).

Gheofar an Fhoirm Iarratais ar Shocrú Réasúnta ar line anseo. Mar mhalairt air sin, is féidir le fostaí cóip den fhoirm agus/nó treoir maidir leis an bhfoirm a chomhlánú a iarraidh ar equality@mu.ie.

Nuair a bheidh an Fhoirm Iarratais ar Shocrú Réasúnta curtha isteach, cinnfidh Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais & Éagsúlachta an bhfuil gá le Measúnú ar Riachtanais san Áit Oibre agus féadfaidh sí dul i dteagmháil le Ranna eile san Ollscoil, amhail Acmhainní Daonna agus an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta, chun seo a chinneadh. Nuair a bheidh an gá le socrú réasúnta bunaithe agus ceadaithe, cuirfear an socrú réasúnta in iúl do Cheann Roinne an fhostaí, ach ní thabharfar sonraí an mhíchumais féin, nuair a mheastar é seo a bheith cuí. An Ceann Roinne le tacaíocht ó Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta agus ó Ranna ábhartha eile de réir mar is gá (m.sh. Acmhainní Daonna, Seirbhísí Campais, Sláinte & Sábháilteacht) a bhainisteoidh cur i bhfeidhm an tsocraithe réasúnta.

### 4.3 Measúnú ar Riachtanais san Áit Oibre

Is nós imeachta córasach é seo chun an fhaisnéis ábhartha ar fad a bhailiú a chuirfidh ar chumas na hOllscoile ansin na socruithe/tacaíochtaí a theastaíonn uathu a sholáthar d'fhostaithe chun tabhairt faoi phost go sábháilte. Is doiciméad faoi rún é Measúnú Riachtanas, agus tagann an fhaisnéis go léir a bhailítear faoin Acht um Chosaint Sonraí 2018 agus faoi Bheartas Cosanta Sonraí Ollscoil Mhá Nuad, atá le fáil ag https://www.maynoothuniversity.ie/data-protection/data-protection-policy

Más gá, d'fhéadfadh go mbeadh sé riachtanach dul i gcomhairle le speisialtóir an duine aonair nó le heagraíochtaí a dhéanann speisialtóireacht dá míchumas. Ba chóir é seo a dhéanamh i gcomhairle leis an bhfostaí agus lena chead.

Déanfaidh MU gach rud is féidir le réasún chun freastal ar riachtanais fostaithe. Murar féidir an t-iarratas tosaigh ar shocrú a chomhlíonadh go hiomlán, déanfaidh an Ollscoil a dícheall oibriú leis an bhfostaí le fáil amach an bhfuil rogha eile ann. Cuirfear an próiseas seo i gcrích i socrú comhpháirteach le Ceann Roinne an fhostaí agus leis an bhfostaí féin. Cuirfidh Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta treoir agus tacaíocht ar fáil don fhostaí agus do Cheann na Roinne le linn an phróisis seo..

### 4.4 Bailiú Sonraí, Rúndacht & Príobháideacht

Níl aon dualgas dlíthiúil ar fhostaí míchumas a nochtadh ach amháin má tá riosca sláinte agus sábháilteachta san áit oibre ag baint lena míchumas, mar go bhfuil dualgas cúraim orthu maidir leo féin agus le daoine eile.[2]

Faoi reachtaíocht fostaíochta na hÉireann, ceanglaítear ar Ollscoil Mhá Nuad faisnéis mhíchumais agus leighis de chuid fostaithe a choinneáil faoi rún. Is gá freisin don Ollscoil

[2] Gheofar tuilleadh sonraí ar nochtadh míchumais in Alt 5.

faisnéis a bhailiú chun críocha monatóireachta ar chomhionannas agus éagsúlacht, agus chun tuairisciú faoin Acht um Míchumas 2005.

Ní choinneoidh Ollscoil Mhá Nuad aon sonraí pearsanta níos faide ar chor ar bith ná mar is gá. Nuair a bhailíonn Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht sonraí pearsanta, lena n-áirítear catagóirí speisialta sonraí pearsanta, i bhfeidhmiú a róil faoin mBeartas seo, comhlíonfar Beartas Cosanta Sonraí na hOllscoile agus Fógra Príobháideachta Sonraí Foirne.

De réir bheartais reatha na hOllscoile agus na reachtaíochta ábhartha, tá sé de cheart ag gach fostaí a gcuid sonraí a chosaint, a úsáid ar bhealach cothrom dlíthiúil, agus a chur ar fáil dóibh nuair a iarrann siad cóip. Is féidir tuilleadh faisnéise maidir leis na próisis seo a fháil ar shuíomh Gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

Is tosaíocht é sláinte, sábháilteacht agus leas fostaithe in Ollscoil Mhá Nuad. Mar sin, má tá cúis mhaith ag Ceann Roinne le creidiúint go bhfuil baol ann do shábháilteacht fostaí, nó duine eile, tá dualgas cúraim ar an gCeann Roinne é sin a nochtadh.[3] Ba cheart do Cheann Roinne dul i dteagmháil le hOifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht a thabharfaidh treoir ar na chéad chéimeanna eile. I gcásanna den sórt sin, ba cheart don HOD treoir a lorg ó Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht roimh aon chéim a ghlacadh.

I gcás ina bpróiseálann Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht sonraí pearsanta i bhfeidhmiú a róil faoin mBeartas seo, cinnteoidh an oifig sin go láimhseálfar na sonraí ar bhealach atá comhsheasmhach le beartais na hOllscoile agus leis an reachtaíocht ábhartha. A luaithe nach dteastaíonn rochtain a thuilleadh ó Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht ar na sonraí pearsanta a bailíodh, aistreoidh an oifig sin na sonraí chuig Acmhainní Daonna a dhéanfaidh iad a bhainistiú de réir bheartais na hOllscoile agus na reachtaíochta ábhartha.

### 4.5 Earcaíocht

Fostóir comhdheiseanna is ea Ollscoil Mhá Nuad. Féadfar cuireadh a thabhairt d'iarrthóirí míchumas a nochtadh ag am an iarratais chun a chinntiú go bhfuil bearta leordhóthanacha i bhfeidhm chun rannpháirtíocht iomlán sa phróiseas earcaíochta a chumasú. Féadfar sonraí staitistiúla gan ainm a bhaineann le hiarratasóirí faoi mhíchumas a úsáid freisin le haghaidh riachtanais tuairiscithe.

Ní bheidh aon fhaisnéis a nochtfar mar chuid den phróiseas earcaíochta nasctha le comhad pearsanra an fhostaí agus ní bheidh sé ar fáil d'aon duine ar an bpainéal roghnúcháin, ach amháin má tá fíorghá leis, mar shampla, i gcás ina bhfuil gá le socrú réasúnta mar chuid den phróiseas agallaimh. I gcásanna den sórt sin, cuirfear an t-iarrthóir ar an eolas agus iarrfar air cead a thabhairt an t-eolas a chomhroinnt.

Ní dhéanfar leithcheal ar iarrthóir a nochtann míchumas le linn an phróisis agallaimh bunaithe air seo. Déanfar aon iarratas ar shocrú réasúnta ó iarratasóirí faoi mhíchumas go leithleach ón measúnú don ról agus ní bheidh an bord roghnúcháin páirteach sa phróiseas seo. Cinntíonn sé seo go mbíonn iarrthóir faoi mhíchumas ar comhchéim le gach iarrthóir eile. Déanfar measúnú ar na hiarrthóirí go léir de réir na gcritéar céanna, ag baint úsáid as cur síos soiléir ar an bpost ina sainaithnítear bunscileanna agus inniúlachtaí an phoist. Ní cuid den phróiseas earcaíochta é measúnú riachtanas agus ní chuirfear i bhfeidhm é go dtí go nglacfar leis an tairiscint poist agus nuair a nochtfaidh an duine go bhfuil míchumas air agus gur mhaith leis/léi socrú réasúnta a iarraidh.

---

[3] Má bhíonn baol láithreach ann do shláinte agus/nó do shábháilteacht duine ar bith, ba cheart do Cheann na Roinne dul i dteagmháil leis an Oifig Sláinte agus Sábháilteachta.

### 4.6 Le linn na Fostaíochta

Féadfaidh fostaithe a míchumas, a bhí ann cheana nó a fuarthas le linn a dtréimhse fostaíochta, a nochtadh dá ndeoin féin dá gCeann Roinne, Acmhainní Daonna nó Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht chun coigeartuithe oiriúnacha nó socrú réasúnta a dhéanamh.

Ní nochtfar faisnéis a bhaineann le míchumas, a thugtar faoi rún, d'aon duine, gan toiliú i scríbhinn, ach amháin má éilíonn sláinte agus sábháilteacht nó cúiseanna dlíthiúla gur gá déanamh amhlaidh. Beidh feidhm i gcónaí ag prionsabail an íoslaghdaithe sonraí agus ag Beartais um Chosaint Sonraí na hOllscoile.

Coinneoidh an Roinn Acmhainní Daonna faisnéis a fhaightear trí thuarascálacha nó measúnuithe leighis faoi rún.

Coimeádann an Ollscoil aici féin an ceart chun gnéithe riachtanacha den fhaisnéis seo a nochtadh nuair a bhíonn teideal dlíthiúil nó oibleagáid uirthi déanamh amhlaidh, agus a mhéid seo a leanas:

- do Chinn Roinne maidir le coigeartuithe is gá i ndualgais nó i gcoinníollacha fostaíochta an fhostaí;
- do phearsanra Sláinte agus Sábháilteachta nuair a bhíonn gá le plean pearsanta éigeandála agus aslonnaithe; agus/nó
- d'oifigigh Rialtais a imscrúdaíonn comhlíonadh an Achta um Chomhionannas Fostaíochta 1998 agus an Achta um Míchumas 2005.

## 5 Míchumas a Nochtadh

I gcomhthéacs míchumais san áit oibre, is éard atá i gceist le nochtadh ná cinneadh fostaí a chur in iúl dá mbainisteoir nó dá bhfostóir go bhfuil siad faoi mhíchumas.

Níl aon oibleagáid ar dhuine mhíchumas a nochtadh sna cásanna seo a leanas:

- níl aon tionchar aige ar a bpost nó ar an timpeallacht oibre;
- ní éilíonn sé aon socruithe san áit oibre; nó
- ní éilíonn sé aon athruithe ar eagrú na hoibre ná aon chúnamh.

Tá oibleagáid dhlíthiúil ar dhuine faoi mhíchumas nochtadh a dhéanamh sna cásanna seo amháin:

- is riosca sláinte agus sábháilteachta san áit oibre é an míchumas, mar go bhfuil dualgas cúraim orthu dóibh féin agus do dhaoine eile.

Fáiltíonn MU roimh nochtadh mar cinntíonn sé seo, más gá, gur féidir na tacaíochtaí agus na socruithe cuí a chur i bhfeidhm le cur ar chumas duine faoi mhíchumas a bheith rannphairteach go hiomlán agus go cothrom san Ollscoil. I gcásanna ina bhfuil tionchar ag míchumas duine ar a phost nó ar a thimpeallacht oibre, moltar dóibh an míchumas a nochtadh chun gur féidir díriú ar aon saincheisteanna feidhmíochta sa chomhthéacs seo.

Déanfar faisnéis a fhaightear le linn phróiseas an nochta a choinneáil agus a úsáid de réir an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (2018) agus Beartas Cosanta Sonraí Ollscoil Mhá Nuad, atá le fáil ag an nasc seo a leanas: www.maynoothuniversity.ie/data-protection.

I gcásanna nach bhfuil fostaí tar éis míchumas a chur in iúl don Ollscoil, ní mheastar go bhfuil a fhios ag an Ollscoil, mar sin níl sí faoi dhliteanas mura gcuirtear socruithe réasúnta ar fáil.

## 6 Próiseas chun Socruithe Réasúnta a sholáthar

Má nochtann fostaí míchumas, ba chóir do Cheann Roinne labhairt leis an bhfostaí ar dtús. I ngach cás, ba chóir don Cheann Roinne a iarraidh ar an bhfostaí an Fhoirm Iarratais ar Shocrú Réasúnta a chomhlánú.[4] Nuair a bheidh an fhoirm comhlánaithe, ba chóir cóip a chur faoi bhráid Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht a eagróidh ansin Measúnú Riachtanais san Áit Oibre a dhéanfar más gá.

D'fhéadfadh cúiseanna a bheith ann nach dteastódh Measúnú ar Riachtanais san Áit Oibre:

- is mionchoigeartuithe iad na coigeartuithe is gá agus is furasta iad a dhéanamh gan difear a dhéanamh do choinníollacha fostaíochta nó d'fheidhmeanna lárnacha an róil;
- ní socruithe fisiceacha iad na socruithe agus ní gá measúnú a dhéanamh ar an spás oibre nó ar an timpeallacht oibre; agus/nó
- tá an fostaí tar éis bogadh ó limistéar eile oibre agus is féidir aon teicneolaíocht chúnta, atá fós ábhartha, a aistriú chuig an bpost nua.

Mura bhfuil an fostaí ar an eolas faoin raon socruithe atá ar fáil, d'fhéadfadh sé go mb'fhiú Measúnú ar Riachtanais san Áit Oibre a dhéanamh chun gach tacaíocht atá ar fáil a dhearbhú.

Nuair a bheidh an Measúnú ar Riachtanais san Áit Oibre déanta, buailfidh an fostaí, in éineacht lena Cheann Roinne, leis an Oifigeach Comhionannais, agus le páirtí ábhartha ar bith eile, mar shampla, Acmhainní Daonna, chun plé a dhéanamh ar cad iad na socruithe réasúnta a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm. Déanfar tréimhsí ama chuige sin a phlé ag an gcruinniú seo freisin.

I bhformhór na gcásanna, beidh an Ollscoil agus Ceann na Roinne in ann na coigeartuithe riachtanacha a dhéanamh chun tacú le fostaí faoi mhíchumas. Mar sin féin, caithfidh gach socrú a bheith réasúnta agus gan a bheith díréireach.

## 7 Filleadh ar an Obair tar éis Míchumas/Breoiteacht a tholg

Is féidir le gortuithe agus tinnis difear a dhéanamh do dhuine ar bith ag am ar bith i rith a saoil oibre. Do dhuine aonair a bhfuil míchumas faighte aige/aici, féadfaidh sé a bheith ríthábhachtach a ról a choinneáil ar chúiseanna eacnamaíocha agus mar fhoinse seasmhachta tráth a bhfuil go leor eile ina saol ag athrú. Ina theannta sin, tá an Ollscoil tiomanta d'infheistíocht a dhéanamh inár bhfostaithe agus tacú leo lena chinntiú go n-éireoidh leo agus go mbeidh siad éifeachtach ina róil. Is costas suntasach don Ollscoil agus dá Pobal é fostaithe oilte, eolacha, inniúla agus a bhfuil taithí acu a chailleadh. Tá sé mar phríomhaidhm ag an Ollscoil mar sin tacú le daoine aonair filleadh ar an obair chomh luath agus is cuí dóibh agus chomh sábháilte agus is féidir.

Beidh MU réamhghníomhach maidir le tacaíocht agus bainistiú a dhéanamh ar fhilleadh fostaí ar an obair má fhaigheann siad míchumas. Beidh an fostaí páirteach i ngach céim den phróiseas a chuirfear in oiriúint don fhostaí agus dá riachtanais.

Má fhaigheann duine míchumas nó má thagann meath ar a míchumas nó má éiríonn sé forchéimnitheach agus iad ag obair do MU déanfar gach iarracht tacú leo agus cabhrú leo filleadh ar a bpost trí shocrú réasúnta a sholáthar.

---

[4] Má theastaíonn soiléiriú ón gCeann Roinne nó ón bhFostaí ar an bpróiseas ag an gcéim seo, ba chóir dóibh treoir a iarraidh ar an Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht.

Má tharlaíonn aon cheann de na cúinsí seo, tá ceanglas dlíthiúil ar an Ollscoil:

- breithniú a dhéanamh ar aon socruithe réasúnta a réiteodh an cheist; agus/nó
- aon socruithe a chur i bhfeidhm laistigh de thréimhse ama réasúnta.

D'fhéadfadh go mbeadh ar Cheann Roinne tacaíocht bhreise a sholáthar nuair a fhaigheann fostaí míchumas, nó má thagann meath ar mhíchumas le linn a bhfostaíochta. Breithneofar tacaíocht bhreise freisin nuair a bhíonn fostaí faoi mhíchumas atá seasmhach ach a athraíonn nádúr a fhostaíochta (mar shampla má dhéantar iad a athlonnú nó má athraíonn dualgais).

## 8 Earcaíocht, Roghnú agus Arduithe Céime

Cinnteoidh an Ollscoil nósanna imeachta trédhearcacha earcaíochta, roghnúcháin agus ardú céime agus ní dhéanfaidh sí idirdhealú díreach nó indíreach i gcoinne aon iarratasóirí faoi mhíchumas. Áirítear aistrithe gairme inmheánacha nó trasna na heagraíochta anseo. Tá daoine faoi mhíchumas i dteideal cur isteach ar phost ar bith ar fud na hOllscoile agus go mbreithneofar a n-iarratais ar bhonn a gcumais, a dtaithí, a gcáilíochtaí agus riachtanais na hoibre atá i gceist.

Roghnófar iarrthóirí ar bhonn fiúntais agus cumais, ag teacht le riachtanais oibríochtúla an róil. Forchoimeádann an Ollscoil an ceart, áfach, an deis do ghníomhaíocht dhearfach a aithint mar atá leagtha amach san Acht um Chomhionannas Fostaíochta 1998, Cuid IV Alt 33 .

Déanfar faireachán ar fhógraíocht post agus ar fhaisnéis a chuirtear ar fáil d'iarratasóirí chun ábhar idirdhealaitheach a chosc agus cuirfear ábhair ar fáil i bhformáidí eile arna iarraidh sin.

Cuirfear comhaltaí na mbord agallaimh ar an eolas faoi fhreagrachtaí na hOllscoile mar fhostóir comhdheiseanna agus tabharfaidh siad faoi oiliúint i gComhionannas agus Éagsúlacht, lena n-áirítear Feasacht ar Chlaonadh mar chuid den oiliúint Earcaíochta agus Roghnúcháin.

Ní bheidh fostaithe faoi mhíchumas faoi réir aon chineál idirdhealaithe lena n-áirítear eisiamh ó dheiseanna dul chun cinn gairme laistigh den Ollscoil. Mar sin, ní fhágfar fostaithe faoi mhíchumas as scéimeanna nó deiseanna ardaithe céime ar an mbonn amháin go bhféadfadh a míchumas iad a chosc ó raon iomlán na ndualgas sa ghrád níos airde a chomhlíonadh.

## 9 Fianaise Mhíochaine ar Mhíchumas

D'fhéadfadh go mba ghá d'fhostaí faoi mhíchumas coinne a dhéanamh leis an Soláthraí Sláinte Ceirde. Más gá sin, socróidh the Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht é seo i gcomhairle leis an bhfostaí. I gcásanna den sórt sin, roinnfear Tuarascáil an tSoláthraí Sláinte Ceirde leis an bhfostaí nuair a fhaightear í.

## 10 Eolas Breise

### 10.1 Spásanna Páirceála Ainmnithe

Bíonn daoine a bhfuil ceadanna páirceála AE do dhaoine faoi mhíchumas (Suaitheantas Gorm), arna n-eisiúint thar ceann na Roinne Iompair ag Cumann na dTiománaithe faoi Mhíchumas, i dteideal na spásanna sainithe a úsáid. Cinneann Cumann na dTiománaithe faoi Mhíchumas incháilitheacht gach ceadúnais pháirceála do dhaoine atá faoi mhíchumas fadtéarmach.

I gcúinsí eisceachtúla, féadfaidh daoine aonair nach bhfuil a leithéid de cheadúnas páirceála míchumais acu, ach a dteastaíonn uathu spás páirceála in áirithe a úsáid ar chúiseanna míchumais shealadaigh, cead sealadach a iarraidh trí Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht.

### 10.2 Imeachtaí & Oiliúint

Beidh na deiseanna céanna ag fostaithe faoi mhíchumas agus atá acu siúd gan mhíchumas chun gairmeacha iomlána agus luach saothair a fhorbairt in MU. Cuirfidh an Ollscoil rochtain chomhionann ar dheiseanna oiliúna agus forbartha ar fáil d'fhostaithe faoi mhíchumas ionas gur féidir leo a gcuid scileanna a fhorbairt agus a gcion féin a chur le saol na hOllscoile.

Beidh rochtain ag gach fostaí ar mian leo freastal ar gach imeacht a reáchtáiltear in MU nuair is féidir go réasúnta. Moltar cuireadh a thabhairt do rannpháirtithe in aon ábhar poiblíochta agus fógraíochta chun socruithe a iarraidh nó a gcuid riachtanas a aithint tamall maith roimh an imeacht, chun go bhféadfar a gcuid riachtanas a chomhlíonadh.

### 10.3 Ainmhithe Cúnta

Ceadófar ainmhithe cúnta a bheith in éineacht le fostaí faoi mhíchumas áit ar bith ar champas na hOllscoile áit a bhfuil sé sábháilte dóibh é sin a dhéanamh, agus nuair a chomhlíonann an t-ainmhí agus an láimhseálaí na ceanglais seo a leanas:

- ní mór d'ainmhithe a bheith ceadúnaithe i gcomhréir le ceanglais dhlíthiúla agus ní mór gnáth-vacsaíní cuí a bheith faighte;
- caithfidh ainmhithe a bheith i ndea-shláinte;
- caithfidh ainmhithe a bheith ar iall nó faoi shrian cuí i gcónaí;
- ní mór go mbeadh smacht iomlán ag an láimhseálaí ar an ainmhí i gcónaí; agus
- caithfidh an t-ainmhí a bheith in úsáid mar ainmhí seirbhíse chun cabhrú le duine faoi mhíchumas agus é nó í in áiteanna ar an gcampas atá toirmiscthe d'ainmnithe eile.

Le go n-aithneofar ainmhí mar ainmhí cúnta, ní mór é a bheith creidiúnaithe ag eagraíocht atá cláraithe le ceachtar díobh seo a leanas:

- Madraí Cúnta Idirnáisiúnta; nó
- Cónaidhm Idirnáisiúnta na Madraí Treorach

Ní cheadaíonn an Ollscoil d'fhostaithe Ainmhithe Tacaíochta Mothúchánaí/Ainmhithe Compordaí a thabhairt ar an gcampas.

## 11 Róil agus Freagrachtaí

**Tá Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht freagrach as:**

- ról an Teagmhálaí Míchumais a ghlacadh (ról atá ag an Oifigeach Comhionannais faoi láthair) agus gníomhú mar phríomhtheagmhálaí do gach fostaí faoi mhíchumas;
- tacú le gach ball de Phobal na hOllscoile agus treoir a thairiscint ar gach gné den bheartas seo;
- comhordú a dhéanamh ar atreoruithe fostaithe chuig an Soláthraí Sláinte Ceirde;

- teicneolaíocht chúnta a aimsiú agus a sholáthar tríd an mbuiséad láraithe um shocruithe réasúnta;
- oiliúint a sholáthar ag ionduchtaithe do bhaill foirne nua agus ag oiliúint do Chinn Roinne;
- an polasaí seo a nuashonrú chun athruithe reachtaíochta agus dea-chleachtas reatha a léiriú.

**Tá Acmhainní Daonna freagrach as:**

- gach beart réasúnta a dhéanamh chun deireadh a chur le cleachtais idirdhealaitheacha nó le deiseanna cleachtais idirdhealaitheacha a bheith ann a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar fhostaithe reatha, ar fhostaithe sa todhchaí agus ar fhostaithe ionchasacha ó bheartais agus próisis Oifig na n-Acmhainní Daonna;
- coigeartuithe agus socruithe riachtanacha a dhéanamh chun a chinntiú go mbeidh gach iarrthóir in ann páirt a ghlacadh i ngach céim den phróiseas earcaíochta; agus
- a chinntiú go gcuirtear oiliúint ar Chinn Roinne, ar Chathaoirligh Painéil Earcaíochta agus Roghnúcháin agus ar Bhaill Painéil maidir lena bhfreagrachtaí d'fhostaithe reatha, todhchaí agus ionchasacha.

**Tá na Cinn Roinne freagrach as:**

- a chinntiú go gcuirtear ar an eolas iad go pearsanta faoina bhfreagrachtaí maidir le meas ar chearta an duine, comhionannas agus éagsúlacht de réir an bheartais seo;
- tacú le fostaithe a nochtann míchumas/míchumas agus na tacaíochtaí riachtanacha agus na coigeartuithe gaolmhara a sholáthar;
- rúndacht a choinneáil maidir le míchumas a nochtadh;
- lena n-áirítear saincheisteanna comhionannais agus éagsúlachta i bpleananna na Roinne/Seirbhíse agus athbhreithniú feidhmíochta ar a bpáirt san Ollscoil;
- a chinntiú go bhfuil gach fostaí ar an eolas faoina bhfreagrachtaí maidir le meas ar chearta an duine, comhionannas agus éagsúlacht de réir an bheartais seo, ag soláthar tacaíochta agus treorach nuair is gá; agus
- déileáil go tapa agus go héifeachtach le nochtadh míchumais ó bhall dá Roinn.

**Tá Oifig Sábháilteachta MU agus Seirbhísí Campais freagrach as:**

- An fhaisnéis ábhartha maidir le sábháilteacht agus córais tógála áitiúla a sholáthar a theastaíonn chun plean aslonnaithe éigeandála pearsanta (PEEP) a ullmhú más gá;
- tacú leis an POF agus le fostaithe a nochtann míchumas/míchumais nuair a theastaíonn mionathruithe fisiceacha ar an áit oibre trí Oifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht; agus
- rúndacht a choinneáil i gcás inar nochtadh míchumas.

**Tá gach Fostaí freagrach as:**

- atmaisféar uileghabhálach fáilteach a chruthú do gach comhghleacaí inar féidir míchumas a phlé gan stiogma nó dearcadh diúltach;
- a chinntiú go bhfuil a n-iompraíocht féin oiriúnach duine le duine agus in idirghníomhaíochtaí digiteacha;
- seasamh le caighdeán iompraíochta ina léirítear urraim do chearta an duine agus do phrionsabail an chomhionannais, na héagsúlachta agus na cuimsitheachta; agus
- cur le feidhmíocht fhoriomlán na hOllscoile maidir le comhionannas, éagsúlacht agus cuimsiú.

## 12 Neamhchomhlíonadh an Bheartais

Ba cheart dul i dteagmháil le hOifig an Leas-Uachtaráin um Chomhionannas agus Éagsúlacht nuair a d'fhéadfadh fadhb a bheith ann maidir le comhlíonadh an bheartais seo.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfaí déileáil le sárú an bheartais seo mar ábhar araíonachta. Mar shampla, i gcás ina ndearnadh idirdhealú, nó inar theip ar fhostaí míchumas a nochtadh de shárú ar a ndualgas cúraim dóibh féin nó do dhaoine eile. Déileálfar le cásanna den sórt sin ar bhonn cáis ag féachaint go cuí do na cúinsí.